Eispéireas foghlama 6: Dialann laethúil Paul

Téama: *Féiniúlacht agus Muintearas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 5

Aoisghrúpa: Leanaí

Suíomh: Sa bhaile agus rang na naíonán (bunscoil speisialta)

Tá deacrachtaí measartha ginearálta foghlama ag Paul (5 bliana d'aois). Téann sé ar an mbus gach maidin chuig Scoil Speisialta *Holy Angels* atá seacht míle dhéag óna bhaile. Is annamh a thugann a thuismitheoirí cuairt air ar scoil toisc an achair fhada chun na scoile, agus mar sin coinníonn a thuismitheoirí agus a mhúinteoir dialann speisialta laethúil chun a chéile a choinneáil chun dáta ó thaobh conas atá ag éirí le Paul. Ciallaíonn sé seo gur féidir lena thuismitheoirí labhairt leis faoina dtarlaíonn ar scoil agus gur féidir leo athdhaingniú a dhéanamh ar a chuid foghlama sa bhaile. Ciallaíonn sé freisin gur féidir leis na cleachtóirí a chur san áireamh na nithe a tharlaíonn sa bhaile, mar go bhfuil sé deacair ar Paul é féin a chur in iúl.

Bhí Paul thar a bheith sceitimíneach nuair a fuair a theaghlach coileán nua. Scríobh a mháthair faoi seo sa dialann. Bhain an múinteoir úsáid as an eolas seo nuair a bhí a ghníomhaíochtaí á eagrú aici don tseachtain. Scread Paul go sceitimíneach nuair a bhí ainm an choileáin ar eolas ag Iníon O'Malley agus bhí an chuma air gur bhain sé an-taitneamh as scéal a léigh sí faoi mhadra caorach ar fheirm. Seo a leanas sliocht as dialann Paul.

?

Ábhar Machnaimh: Cad iad na socruithe speisialta is féidir liomsa a dhéanamh chun eolas a roinnt le tuismitheoirí nach bhfeicim go minic?

Fíor 2: Sliocht as dialann laethúil Paul

Feabhra 28

Hi Fiona
Níor chodail Paul go maith aréir. Bhí cuma mhaith air nuair a d'fhill sé ón scoil. D'ith sé a thae agus d'imíomar ag siúl leis ina chathaoir rothaí. Tháinig Toby, an coileán freisin. Bhí a fholcadh ag Paul mar is gnách agus léamar scéal dó ach ar chúis éigin bhí sé míshocair. Tá seans go mbeidh sé tuirseach ar scoil inniu. Tá fhios agam go bhfuilimse ar aon chuma!

Le dea-ghuí,
Aileen

Feabhra 28

Go raibh maith agat, a Aileen. Bhí seisiún ag Jackie, fisiteiripeoir Paul leis inniu. Dúirt mé léi go raibh seans ann go mbeadh sé beagán tuirseach. Rinne sí roinnt aclaíochta leis agus nuair a thug sí ar ais chuig an rang é bhí sé traochta, mar sin chuir mé é sa spás suaimhneach lena theidí agus a bhlaincéad agus bhí codladh beag aige. Ghlac sé lón maith agus bhí sé i ndea-ghiúmar ina dhiaidh sin. Tá sé fós ag baint taitnimh as na leabhair i dtaobh ainmnithe. Tá sé ag éirí an-mhaith freisin ag leagan na dtúr de bhloic lena cheann agus tá an cleachtadh atá ar siúl aige sa bhaile le sonrú ar a ghníomhaíochtaí. Tá súil agam go bhfaighidh tú codladh anocht.

Mar a deirim i gcónaí, is féidir leat glaoch a chur orm aon uair ar 087227569,
Fiona